

❖ An Lúibín ❖

15 Aibreán 2012

Saol rúnda na Gaeilge in Victoria

Tá an Dr Val Noone, scoláire nótaílte Astrálach, ar tí éacht a dhéanamh: leabhar a fhoilsiú faoi stair na Gaeilge in Victoria na hAstráile. Leabhar é atá bunaithe ar a chuid taighde féin agus ar thaighde scoláirí eile, agus tabharfaidh sé léargas ar scéal na teanga i réigiún a bhí breac le cainteoirí dúchais as iarthar agus iardheisceart na hÉireann sa 19ú haois. Bhí siad ag cur fúthu san áit cheana i ndaichidí na haoise sin agus tháinig méadú mór ar a líon, idir mhná agus fhir, sna caogaidí (aois na n-ór-ruathar) agus sna seascaidí. Lean siad orthu ag labhairt Gaeilge eatarthu féin agus rinne cuid acu an teanga a shaothrú mar ábhar léinn. Níor tháinig deireadh leis an saothrú sin fós, agus sampla de sin is ea an Dr Noone féin, fear a chuir de dhua air féin an teanga a fhoghlaim.

Tá mórán scríofa faoi na hÉireannaigh san Astráil agus in Victoria féin, ach go dtí le déanaí is annamh a tugadh aird ar an nGaeilge mar chuid dílis dá saol agus mar rud a dhealaigh amach go sainiúil ó chultúr an phobail mhóir iad. Tá suim ag teacht ag staraithe agus ag scoláirí eile sa scéal le roinnt blianta anuas, ach is é seo an chéad leabhar iomlán a phléann an t-ábhar go mion. Tá súil ag an údar go gcuirfear leagan Gaeilge amach ina dhiaidh seo, ceann a dhéanfaidh léiriú dá chuid féin ar an scéal.

Fanaimis, mar sin, le *Hidden Ireland in Victoria*, a fhoilseofar (go bhfios dúinn) i Mí an Mheithimh 2012.



Gaeilge Nua-Eabhrac

Comhdháil faoi litríocht na Gaeilge a bhí ar siúl i Nua-Eabhrac i Mí na Feabhra, ócáid a d'oir don chathair toisc (mar a deir Brian Ó Broin in alt a scríobh sé do *Beo*¹) gur cathair an-Ghaelach í ar a mbealach féin: imeachtaí Gaelacha ar siúl gach lá, idir ranganna, chiorcail chomhrá, spraoi do ghasúir agus chomhdhálacha de gach cineál. Is é a thuairim go bhfuil cuid mhaith den chreidiúint ag dul do Thomás Ó hÍde, ollamh sa léann Éireannach in Ollscoil Chathair Nua-Eabhrac.

Tá an t-iomrá leis an ollscoil chéanna go bhfuil sí go sármaith ag cur na Gaeilge chun cinn: tá mic léinn in ann Gaeilge a dhéanamh mar leasábhar, agus táthar ag súil le príomhábhar a dhéanamh di feasta. Baineann an ollscoil tairbhe as scéim FLTA (Foreign Language Teaching Assistant) an Choimisiúin Fulbright, a chuireann scoláirí anonn ó Éirinn chun na Stát chun Gaeilge a mhúineadh.

Bhí an chomhdháil litríochta i gColáiste Lehman in The Bronx, coláiste de chuid Ollscoil Chathair Nua-Eabhrac, agus 'An Gearrscéal i Litríocht na Gaeilge' mar theideal air. Deirtear go raibh daoine ann as gach cearn, cuid acu ag caint agus cuid ag éisteacht. Meallann na comhdhálacha seo daoine as gach prochóg sa chathair, daoine nach bhfeicfeá murach sin.

Tá an t-Ollamh Ó hÍde chun comhdháil acadúil a chur ar siúl gach bliain nó gach dhá bhliain. Bhí mórán ar siúl sa cheann seo, mar is léir don té a thugann cuairt ar <http://www.lehmangaeilge.org/siompóisiam.html>.



¹ 'Comhdháil Litríochta Gaeilge - i Nua-Eabhrac, ar nDóigh!', *Beo*, Eagrán 131, Márta 2012: <http://www.beo.ie/alt-comhdhail-litrichta-ghaeilge-i-nua-eabhrac-ar-n.aspx>.

Bás agus beatha

Deir an Dr Conchúr Ó Giollagáin go bhfuil an dátheangachas ag marú na Gaeilge sa Ghaeltacht, agus gur fearr leanaí a thógáil le Gaeilge amháin, fiú mura féidir Béarla a sheachaint níos déanaí.² Eolaí ar an scéal is ea an Giollagánach agus é ina eagarthóir (le Brian Ó Cumáin) ar *An Chonair Chaoch: An Mionteangachas sa Dátheangachas*, leabhar a foilsíodh i Mí Mhárta.

Dealraíonn sé go bhfuil ‘yeah,’ ‘no,’ ‘like,’ ‘really,’ and ‘my God’ ag brú ‘ara,’ ‘is dócha,’ agus ‘in aon chor’ i leataobh i gcaint na glúine nua. Fuarthas amach gurbh fhearr Béarla na gcainteoirí óga dúchais ar an gCeathrú Rua ná a gcuid Gaeilge. Bhí sealbhú iomlán déanta acu ar Bhéarla ach bhí a dteanga ‘dhúchais’ tanaí go leor. Maidir le daltaí bunscoile, chuiridís freagra dearfa in iúl i gcónaí le ‘yeah’ seachas ‘sea’.

Is beag iontas a chuirfeadh an scéal seo ar aon duine a bhfuil na figiúirí teanga léite aige. Más ea, is í an chonair chaoch i ndáiríre í. Is ait an scéal é, ar ndóigh, nach mór an difríocht atá idir cainteoirí óga dúchais agus Gaeilgeoirí óga maidir le Béarlachas ach gurb í an Ghaeilge uirbeach atá ag dul i neart. Rud teoiriciúil is ea an Ghaeltacht anois: gréasán de dhaoine sna fobhailte, sna bailte móra, sna tíortha thar lear. Agus is gearr gur Béarla ar fad a bheidh á labhairt i gCorca Dhuibhne, sna Rosa nó ar an gCeathrú Rua.



An Ghaeilge agus an pobal

Scéal nó finscéal: taispeánann an daonáireamh is déanaí ó Éirinn go ndéir 1.77 milliún gur féidir leo Gaeilge a labhairt. Ach seo an taobh ceart den scéal: ní labhraíonn ach 1.8% de na daoine sin gach lá lasmuigh de na scoileanna í.

77,185 duine a labhraíonn Gaeilge gach lá sa saol mór, agus tá a bhformhór le fáil lasmuigh den Ghaeltacht. Dúirt 14.3 den iomlán nach labhraíonn siad chomh minic sin í, agus tá méadú tagtha ar an líon daoine ón nGhaeltacht nach labhraíonn fiú uair sa tseachtain í.

Rud suimiúil eile: dúirt beagnach 31% de dhaoine idir 10-19 bliana d’aois nach féidir leo Gaeilge a labhairt, agus taobh istigh den ghrúpa sin dúirt 36% de dhaoine a bhí 17 agus 18 bliana d’aois an rud céanna.

Chuir Aire Stáit na teanga craiceann geal ar an scéal mar is dual dá leithéidí, agus cúis éigin aige: threiseodh na figiúirí leis an áitiú go bhfuil fíormhéadú ag teacht ar líon na nGaeilgeoirí líofa. Mionlach beag iad ach tá siad ag dul i neart. Ba dheacair a áitiú, áfach, gurb é an scéal céanna ag na cainteoirí ‘dúchais’ é. A mhalairt ar fad.



Raidió na Gaeltachta

Tá daichead bliain ann ó thosaigh Raidió na Gaeltachta, agus ní bheadh sé ann mura go raibh lucht cosanta na Gaeltachta ag gearán agus ag agóidíocht go géar faoina laghad freastail a bhí á dhéanamh ar a muintir féin. Earcaíodh daoine faoi dheifir agus traenáladh iad faoi dheifir – bhí an tréimhse traenála róghearr, mar a dúirt duine den chéad fhoireann úd in agallamh le déanaí, rud a d’fhág, is dócha, go gcaithfí tairbhe a bhaint as an obair féin. Bheannaigh an tAthair Tomás Ó Ceannacháin an stáisiún nua, agus tharla an chéad chraolachán Domhnach Cásca, 1972, ó Chasla, tar éis do na hinnealtóirí a bheith ar a seacht ndícheall ar feadh na hoíche ag cóiriú an stiúideo.

Mhair an chéad chraolachán sin seacht n-uair an chloig – Aifrin an Riadaigh, agallaimh agus ceol. Craolachán dhá uair gach tráthnóna a bhí ann ina dhiaidh sin ar feadh tamaill mhaithe, agus fostáisiúin nua Chiarraí agus Dhún na nGall á dtógáil fós. Níor chraoltóirí amháin iad na daoine a bhí i mbun na hoibre; bhí orthu agallaimh a dhéanamh, eagarthóireacht a dhéanamh ar na téipeanna, scrípteanna a scríobh agus ceol a roghnú. Ní raibh Raidió na Gaeltacht le cloisteáil thoir in aon chor, agus fiú sa Ghaeltacht bhí mórán ann nár éist leis an raidió riamh sular tháinig a stáisiún féin. Ach thaitin sé leo, agus bhí mórán seandaoine ina measc nach raibh Béarla acu.

² ‘Bilingual approach ‘destroys’ Gaeltacht Irish,’ Lorna Siggins, *The Irish Times*, 8/3/12.

Tá buiséad €10 milliún ag an stáisiún anois agus éagsúlacht mhór ag baint leis na cláir – nuacht, cúrsaí reatha sa bhaile agus i gcéin, ceol de gach saghas, agus agallaimh le muintir na háite, le healaíontóirí agus le scríbhneoirí. Tá athrú ag teacht ar nádúr an stáisiúin: isteach is amach le 150,000 duine ag éisteacht leis in Éirinn agus gach duine acu dátheangach, agus roinnt Gaeilgeoirí i measc na gcráoltóirí. Is cosúil nach n-éisteann an oiread sin Gaeilgeoirí leis an stáisiún in Éirinn – tá Gaeilge na gcainteoirí dúchais ‘ródheacair’; ach bheadh roinnt mhaith Gaeilgeoirí ag éisteacht thar lear agus teacht gan dua acu air tríd an Idirlíon: www.rte.ie/rnag. Rud eile de, an Ghaeltacht a bhí ann dhá scór bliain ó shin tá sí ar an dé deiridh anois, agus ní aisti a thiocfaidh na craoltóirí nua. Sna bailte móra agus sna cathracha, agus i mBaile Átha Cliath go háirithe, atá formhór mór na ngnáthchainteoirí Gaeilge anois. Caithfidh sin a rian a fhágáil ar an gcóras craoltóireachta a dtugtar Raidió na Gaeltachta air.

Tá cúigear de na chéad chraoltóirí - Breandán Feiritéar, Seán Ó Tuairisg, Maidhc P. Ó Conaola, Meaití JÓ Shéamuís agus Timlín Ó Cearnaigh – le cloisteáil ar an gclár *Raidió na Gaeltachta - 1972 – 2012* agus iad faoi agallamh ag Seán Bán Breathnach mar a leanas:

<http://www.rte.ie/radio/radioplayer/rteradioweb.html#!rii=17%3A3246063%3A10386%3A03%2D04%2D2012%3A>



An Domhan Mór

Fearg agus fuadach in Sri Lanka

Tá Comhairle na gCearta Daonna de chuid na Náisiún Aontaithe tar éis a mholadh do Sri Lanka go ndéanfaí fiosrú ar choireanna cogaidh a rinne an dá thaobh (an Rialtas agus trodairí Tamalacha de chuid an LTTE) sa chogadh cathartha. Moladh freisin go dtabharfaí iarracht comhréiteach a dhéanamh leis an bpobal Tamalach le cabhair ó na Náisiún Aontaithe, de réir mar a mhol an Coimisiún Athchaidrimh. Tharraing seo fearg an Rialtais, ar ndóigh: tá na dian-náisiúnaigh in uachtar ann agus drogall orthu a admháil gur féidir iad a chur i gcomparáid leis an LTTE, dream a raibh ainm na brúidiúlachta riamh orthu. Choinnigh siad siúd na mílte sibhialtach mar bhac ar fhórsaí an Rialtais le linn an ionsaí dheireanaigh agus mharaigh daoine a bhí ag iarraidh éalú; maraigh fórsaí an Rialtais os cionn 30,000 sibhialtach ar feadh an ionsaí chéanna.

Tá fianaise ann anois go bhfuil nós ag na fórsaí slándála daoine a fhuadach agus a mharú (agus Siolónáigh atá i gceist anseo). Tá roinnt iriseoirí ar na daoine a d’imigh ‘as amharc’ ar an mbealach seo. Deir lucht cearta daonna in Sri Lanka gur fuadaíodh cúig dhuine is tríocha an mhí seo caite. Cúis eagla is ea an ‘Veain Bhán’ a thagann ag smúrthacht thart ar thóir a creiche, rud ar tugadh léiriú gan choinne air le déanaí nuair a thug ceathrar i veain bhán iarracht ar Raveendra Udayashantha, cathaoirleach chomhairle áitiúil, a fhuadach. D’éalaigh sé agus bhailigh pobal na háite, a rug ar an gceathrar agus thug ar lámh na bpóilíní iad. Bhí cúis mhaith ag an gcaithaoirleach le himní a bheith air; fuadaíodh a dheartháir tamall ó shin agus ní bhfuarthas tasc ná tuairisc air ó shin. Fuarthas amach go raibh an veain lán d’armáin agus d’fhearas fuadaithe. Is é an chuid is suimiúla den scéal gur ghearr gur tháinig leoraí airm chun an stáisiún phóilíneachta chun an ceathrar a fháil scaoilte saor.

Tá a fhios againn anois cé hiad na fir agus cén chéim mhíleata atá acu; tá a fhios againn freisin nach bhfuil an Rialtas ag iarraidh srian a chur leo. Fuadaíodh beirt ghníomhaithe polaitiúla, Premakumar Gunarathnam agus Dimuthu Attygalle. Bhí Gunarathnam le páirtí nua den eite chlé a bhunú, agus ar 7/4/12 tháinig cúig bhall is fiche de na fórsaí slándála lena ngabháil. Gabhadh Iníon Attygalle an lá roimhe sin. (Gabhadh beirt eile den ghrúpa, Lalith Weeraj agus kugan Muruganandan ar 9/12/11 agus tá siad ar iarraidh fós.) Shéan na húdaráis nach ndearnadh a leithéid d’fhuadach ná nach mbeadh cúis ar bith acu lena dhéanamh; ansin, go tobann, fógraíodh go raibh Gunarathnam le díbirt. Tá an Coimisiún Áiseach um Chearta Daonna³ ag iarraidh ar an Rialtas scéal an fhuadaigh a fhiosrú, rud nach ndéanfar, is dócha, ós ag Gotabaya Rajapakse, deartháir an Uachtaráin, atá an focal scoir.

³ Eagraíocht réigiúnach neamhrialtais is ea an Asian Human Rights Commission (AHRC) a bunaíodh in Hong Kong sa bhliain 1984 agus a dhéanann monatóireacht ar staid na gcearta daonna san Áise.

Tá achrann ar siúl idir polaiteoirí an Rialtais féin. I Mí Dheireadh Fómhair anuraidh maraíodh ball de pháirtí an Rialtais agus gortaíodh ball eile go dona nuair a tharla cath idir a dhá bhaicle siúd i bhfobhaile de Cholombo, an príomhchathair. Bhí baint ag polaiteoirí de chuid an SLFP⁴ le sracaireacht ag margadh áitiúil éisc; bhí polaiteoir eile den pháirtí céanna i gceannas ar bhaicle a mharaigh eachtrannach in óstán turasóireachta agus a d'ionsaigh an bhean a bhí ina chuideachta. Deirtear gur bhagair Aire díobháil ar fhear gnó mura dtabharfaí airgead dó. Is fearr le daoine fanacht ina dtost agus cead raide ag na polaiteoirí úd.

Deir lucht cearta daonna go bhfuil an an tUachatarán Mahinda Rajapaksa agus an Rialtas ag cosaint a gcuid bastún ar dhlí na tíre, agus go bhfuil leisce ar na póilíní fearg a chur ar pholaiteoirí cumhachtacha. Bhí faill ag an Rialtas le moltaí an *Lessons Learnt and Reconciliation Commission* (LLRC) a chur i bhfeidhm agus na gunnaí a bhaint de na polaiteoirí. Ach ligeadh leis na coirpigh, agus is beag duine atá ag súil le dea-thoradh ó na coistí smachta a cuireadh ar bun. Tá an Freasúra lag, ach tá fearg (más fíor) ag teacht ar an bpobal.

Féach:

* <http://www.radioaustralia.net.au/international/2012-03-28/political-disappearances-still-rife-in-sri-lanka-rights-group/653976>

* 'Living with ruling party terrorism,' *Príomhalt, Island*, 9/3/12 : www.island.lk.

* <http://www.nfrsrilanka.org/?p=670>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

⁴ Sri Lanka Freedom Party: ceann de na páirtithe is mó agus baint aige leis na dian-náisiúnaigh, más fíor. Cuid den chomhcheangal rialtais é.

Leaganacha simplithe

Saol rúnda na Gaeilge in Victoria

Tá an Dr Val Noone, scoláire nótaílte Astrálach, chun leabhar a fhoilsiú faoi stair na Gaeilge in Victoria na hAstráile. Leabhar é atá bunaithe ar a chuid taighde féin agus ar thaighde scoláirí eile. Bhí mórán cainteoirí dúchais as Éirinn san Astráil sa naoú haois déag. Tháinig méadú mór ar a líon⁵ i gcaogaidí agus i seascaidí na haoise sin.⁶ Lean siad orthu⁷ ag labhairt Gaeilge eatarthu féin agus rinne cuid acu an teanga a shaothrú mar ábhar léinn.

Tá mórán scríofa faoi na hÉireannaigh san Astráil agus in Victoria féin, ach go dtí le déanaí is annamh a tugadh aird ar cheist na Gaeilge.⁸ Tá suim ag teacht ag staraithe agus ag scoláirí eile sa scéal le tamall de bhlianta anuas,⁹ ach is é seo an chéad leabhar a phléann an t-ábhar go mion. Tá súil ag an údar go gcuirfear leagan Gaeilge amach ina dhiaidh seo. Foilseofar *Hidden Ireland in Victoria* i Mí an Mheithimh 2012.

Raidió na Gaeltachta

Tá daichead bliain ann ó thosaigh Raidió na Gaeltachta. Bunaíodh é toisc go raibh daoine ag gearán nach raibh mórán freastail á dhéanamh ar an nGaeltacht. Earcaíodh daoine agus traenáladh iad faoi dheifir. Tharla an chéad chraolachán sa bhliain 1972 ó Chasla i gConamara.

Bhí mórán oibre le déanamh ag na craoltóirí - agallaimh a dhéanamh, eagarthóireacht a dhéanamh ar na téipeanna, scrípteanna a scríobh agus ceol a roghnú. Ní raibh Raidió na Gaeltacht le cloisteáil thoir, agus fiú sa Ghaeltacht bhí mórán ann nár éist leis an raidió riamh sular bunaíodh a stáisiún féin.

Tá buiséad €10 milliún ag an stáisiún anois agus éagsúlacht mhór¹⁰ ag baint leis na cláir – nuacht, cúrsaí reatha, ceol agus agallaimh. Tá timpeall 150,000 duine ag éisteacht leis in Éirinn. Is cosúil nach n-éistean mórán Gaeilgeoirí leis an stáisiún in Éirinn – tá Gaeilge na gcainteoirí dúchais ‘ródheacair’; ach bheadh roinnt mhaith Gaeilgeoirí ag éisteacht thar lear. Ach i mbailte móra agus i gcathracha na hÉirinn atá formhór na ngnáthchainteoirí¹¹ Gaeilge anois. Fágfaidh sin a rian¹² ar Raidió na Gaeltachta feasta.

Fearg agus fuadach in Sri Lanka

Tá na Náisiúin Aontaithe tar éis a mholadh do Sri Lanka fiosrú a dhéanamh¹³ ar choireanna cogaidh a rinne an dá thaobh (an Rialtas agus trodairí Tamalacha de chuid an LTTE, nó ‘Tigers’) sa chogadh cathartha. Moladh freisin go ndéanfaí comhréiteach¹⁴ leis an bpobal Tamalach le cabhair ó na Náisiúin Aontaithe. Chuir sé seo fearg an Rialtais, ar ndóigh: tá drogall ar na dian-náisiúnaigh¹⁵ a admháil gur féidir iad a chur i gcomparáid leis an LTTE, dream a raibh ainm na brúidiúlachta¹⁶ riamh orthu.

Tá fianaise ann anois go bhfuil nós ag na fórsaí slándála daoine a fhuadach. Tá roinnt iriseoirí ar na daoine a d’imigh ‘as amharc’ ar an mbealach seo. Deir grúpaí cearta daonna in Sri Lanka gur fuadaíodh cúig dhuine is tríocha an mhí seo caite.

⁵ A líon – their number

⁶ I gcaogaidí agus i seascaidí na haoise sin – in the fifties and sixties of that century

⁷ Lean siad orthu – they continued (to)

⁸ Is annamh a tugadh aird ar cheist na Gaeilge – attention was seldom given to the matter of the Irish language

⁹ Le tamall de bhlianta anuas – for some years past

¹⁰ Éagsúlacht mhór – great variety

¹¹ Gnáthchainteoirí – habitual speakers

¹² Fágfaidh sin a rian – that will leave its mark

¹³ Fiosrú a dhéanamh – conduct an investigation

¹⁴ Comhréiteach – compromise, settlement

¹⁵ Dian-náisiúnaigh – ultra-nationalists

¹⁶ Ainm na brúidiúlachta – a reputation for brutality

Tá achrann ar siúl idir polaiteoirí an Rialtais féin. I Mí Dheireadh Fómhair anuraidh maraíodh ball¹⁷ de pháirtí an Rialtais agus gortaíodh ball eile go dona de bharr catha idir a dhá bhaicle sa phríomhchathair. Tá sracaireacht ar siúl ag polaiteoirí éigin. Is fearr le daoine fanacht ina dtost agus cead raide¹⁸ ag na polaiteoirí úd.

Deir grúpaí cearta daonna go bhfuil an tUachtarán Mahinda Rajapaksa agus an Rialtas ag cosaint a gcuid bastún agus go bhfuil leisce ar na póilíní fearg a chur ar pholaiteoirí cumhachtacha. Bhi deis ag an Rialtas moltaí an *Lessons Learnt and Reconciliation Commission* (LLRC) a chur i bhfeidhm agus na gunnaí a bhaint de na polaiteoirí. Ní dhearna an Rialtas é seo. Tá an Freasúra lag, ach tá fearg (más fíor) ag teacht ar an bpobal.

¹⁷ Ball - member

¹⁸ Cead raide – leave to do as one pleases